



## 7.0 Príomhshuímh na Gníomhaíochta

### 7.8 Monarcha Brioscaí Jacob's

Ghabh an Dara Cathlán faoi cheannas an Cheannfoirt Tomás Mac Donnchadha seilbh ar mhonarcha brioscaí Jacob's ar Shráid an Easpaig, beagnach míle ó dheas ó Ard-Oifig an Phoist. Ba é an Maor John MacBride a leascheannasaí agus ba é Michael O'Hanrahan a leascheannasaí siúd. I measc na ndaoine eile a bhí sa gharastún seo, bhí Gerald Boland, Michael Hayes agus Peadar Kearney, an fear a scríobh liricí an amhráin náisiúnta, 'Amhrán na bhFiann'.


Struchtúr ollmhór triantánach a bhí san fhoirgneamh seo a líon an chuid is mó den limistéar idir Sráid Pheadair agus Sráid an Easpaig. Bhí sé deacair ionsaí a dhéanamh ar an áit mar go raibh sráideanna agus tithe beaga ar fud na háite a chuirfeadh bac ar úsáid airtléire. Bhí dhá thúr arda ann a raibh radharc ar chuid mhaith den chathair uathu. Bhí thart ar 130-150 fear i dteannta le Mac Donnchadha, mar aon le roinnt ball d'Fhianna Éireann agus de Chumann na mBan. Chuir sé fir ar post i Sráid Camden, Sráid Loch Garman, Sráid Aungier agus sráideanna eile sa cheantar sin, rud a d'fhág nach gan dua a dhéanfadh an t-arm ionsaí ar mhonarcha Jacob's.

Cúpla uair an chloig i ndiaidh dóibh an garastún a chur ann, chuir fir de chuid Mhic Dhonnchadha a bhí lonnaithe i Sráid Loch Garman agus i Sráid Camden ruaigh ar chomplacht airm a bhí ag taisteal ó Bheairic Portobello le tacú leis an ngarastún i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin, ba é an príomhchúram a bhí ar gharastún Jacob's naoscaireacht a dhéanamh ar

Bheairic Portobello agus ar shuímh mhíleata eile a bhí le feiceáil ón dá thúr. Ní dhearnadh ionsaí ar Jacob's mar gur chinn an Ginearál Lowe díriú ar Ard-Oifig an Phoist agus ar na Ceithre Cúirteanna mar gur mheas sé gurb iad sin na suíomhanna ba thábhachtaí, ó thaobh straitéise de, a bhí i seilbh na gceannairceach.


Ní dheachaigh an scéala faoin ghéilleadh chomh fada le Jacob's go dtí go raibh an Domhnach ann. Ghéill Mac Donnchadha agus an garastún go drogallach. Cuireadh an triúr oifigeach ba shinsearaí, Mac Donnchadha, MacBride agus O'Hanrahan, chun báis.

## 7.8 Monarcha Brioscaí Jacob's




Map showing the Jacob's area. (Ordnance Survey, 1:2,500 (25 inches to mile), Dublin, sheet XVIII, 1911; scale altered).

## 7.8 Monarcha Brioscaí Jacob's



**The Premises of Messrs. W. & R. Jacob, Ltd.**
"Fort Jacob." The Dublin biscuit manufacturers had their factory seized by the Insurgents. After a long defence, in which many lives were lost, a Priest of the Carmelite Order succeeded in entering "Fort Jacob," and induced its defenders to retire.

The premises of Messrs W. & R. Jacob, Ltd. In this drawing the factory appears isolated but in reality it was closely surrounded by houses. (Dublin and the "Sinn Féin" Rising, Wilson Hartnell & Co., 1916).

7.8 Monarcha Brioscaí Jacob's



Thomas MacDonagh in his Volunteer uniform. (Keogh 55).

7.8 Monarcha Brioscaí Jacob's



Henry O'Hanrahan, brother of Michael O'Hanrahan; he was sentenced to death but his sentence was commuted to life imprisonment. (Keogh 88).

7.8 | Monarcha Brioscaí Jacob's




The actress Máire Ní Shiubhlaigh, one of the Cumann na mBan women in Jacob's.